Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 9 Iúil 2021**
**(OR. en)**

**10551/21**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0227(BUD)**

**FIN 574**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle lena nglactar an seasamh ón gComhairle maidir le dréachtbhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2022 |

## CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## LENA nGLACTAR AN SEASAMH ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LE DRÉACHTBHUISÉAD GINEARÁLTA AN AONTAIS EORPAIGH DON BHLIAIN AIRGEADAIS 2022

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 314(3) de, i gcomhar leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 106a de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. An 9 Iúil 2021, thíolaic an Coimisiún togra ina raibh dréachtbhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2022[1],

2. Scrúdaigh an Chomhairle an togra ón gCoimisiún d'fhonn seasamh a shainiú a bheidh comhsheasmhach, ó thaobh an ioncaim de, le Cinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh agus lena leasaítear Cinneadh 2014/335/AE, Euratom[2], agus, ó thaobh an chaiteachais de, le Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027[3].

[1] COM(2021) 300 final.
[2] IO L 424, 15.12.2020, lch. 1.
[3] IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 11.

TAR ÉIS A CHINNEADH MAR A LEANAS:

*Airteagal aonair*

An 6 Meán Fómhair 2021, ghlac an Chomhairle seasamh ón gComhairle maidir le dréachtbhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2022.

Is féidir breathnú ar an téacs iomlán nó é a íoslódáil ar shuíomh gréasáin na Comhairle: http://www.consilium.europa.eu/

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 6 Meán Fómhair 2021.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*